# Teaglamaí Digití

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – ionadluach<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse cur chuige a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• modh oibre s'acu a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | aonad, deich, céad, digit, uimhir, an uimhir is mó, an uimhir is lú, is ionann an cúig agus cúig aonad,<br>agus cúig dheich, agus cúig chéad, is ionann a seacht agus seacht n-aonad, agus seacht ndeich, agus<br>seacht gcéad, náid, colún na n-aonad, colún na ndeicheanna, colún na gcéadta |
| **Áiseanna** | teimpléid abacais |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Roghnaigh trí dhigit, m.sh. 6, 3 ,7 agus cuir athord ar na digití leis an líon is mó uimhreacha a dhéanamh agus is féidir. Cuir iad seo sna teimpléid abacais. Cuir ceist ar dhaltaí faoin dóigh ar féidir na huimhreacha seo a shocrú. Déan an ghníomhaíocht arís le huimhreacha difriúla más gá.

### 2 Gníomhaíocht 2

Déan amhlaidh mar a rinne tú thuas ach an t-am seo tabhair a náid isteach mar cheann de na trí dhigit. Cuir ceist ar dhaltaí faoin dóigh ar féidir na huimhreacha seo a shocrú. Cén dóigh ar féidir leis a náid rudaí a athrú? Cad é a tharlaíonn ar an abacas? Cad é a tharlaíonn nuair a dhéanann tú na huimhreacha a thaifeadadh?


## Ceisteanna Samplacha


| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad uimhir dhifriúil a bhí tú ábalta a dhéanamh ó na digití? An raibh an líon céanna féidearthachtaí ann?<br>• Cad é an uimhir is airde/is lú a bhí tú ábalta a dhéanamh?<br>• An raibh difear ann idir na corruimhreacha agus na ré-uimhreacha?<br>• Cad é an luach atá ar 7 in 637/in 376/in 763? srl.<br>• Cad é an luach atá ar 7/ar 6/ar 3 in 637? | • Cén toradh a bheadh ann dá mba rud é go raibh 2 dhigit mar an gcéanna ann? M.sh., 595<br>• Cén toradh a bheadh ann dá mba rud é go raibh an dá dhigit seo 2 x a náid? M.sh., 400<br>• Cad chuige a bhfuil an digit a náid tábhachtach in uimhreacha? |


## Difreáil


Socraigh líon na ndigití de réir ábaltacht an dalta.
Cuir ábhair phraiticiúla/phictiúrtha ar fáil áit a bhfuil gá, m.sh., abacas, Ábhair Bhonn 10, saigheadchártaí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.


## Abacais




## Abacais

